




# Leachtaitheoirí, Glacadóirí agus Scrúdaitheoirí

A ndualgais agus a gcumhachtaí



## Treoir thapa



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement



## Réamhrá

Tháirgearmar an leabhrán faisnéise seo chun míniú a thabhairt ar chumhachtaí, ar dhualgais agus ar fhreagrachtaí leachtaitheoirí, glacadóirí agus scrúdaitheoirí faoi Achtanna na gCuideachtaí.

## Céard atá i gceist le leachtú, glacadóireacht agus scrúdaitheoireacht?

Tugtar ‘foirceannadh’ cuideachta ar leachtú cuideachta freisin. Cuireann an próiseas deireadh le saol na cuideachta ar bhealach ordúil trí fhiacha a íoc le haon sócmhainní atá ar fáil.

Úsáideann bainc nó iasachtóirí eile glacadóireacht chun sócmhainn cuideachta a dhíol, ar sócmhainn í a gealladh go bhfaighidís í dá dteipfeadh ar an gcuideachta a hiasacht a athíoc de réir mar a aontaíodh.

Is próiseas é scrúdaitheoireacht a chosnaíonn cuideachta óna creidiúnaithe (na daoine a dhlíonn sí airgead a íoc leo) fad agus atá iarrachtaí á ndéanamh chun í a choinneáil ar an saol mar ghnóthas leantach.

## Cad iad leachtaitheoirí, glacadóirí agus scrúdaitheoirí?

Is é leachtaitheoir an duine a dhéanann cuideachta a fhoirceannadh.

Is é glacadóir an duine a dhíolann sócmhainní áirithe cuideachta thar ceann iasachtóra. I gcás go bhfuil iasacht urraithe ar ghnó iomlán cuideachta, féadtar ‘bainisteoir glacadóra’ a cheapadh mar bhainisteoir an ghnó le linn na glacadóireachta. Nuair a thiomsaíonn glacadóir go leor airgid leis an bhfiach a aisíoc, tá deireadh lena phost.

Déanann scrúdaitheoirí a mheas cibé an féidir nó nach féidir cuideachta a shábháil, agus más féidir, ullmhaíonn siad an plan tarrthála.

## Cé is féidir leo feidhmiú mar leachtaitheoirí, glacadóirí nó scrúdaitheoirí?

Ní gá go mbeadh aon cháilíochtaí sonracha faoin dlí ag leachtaitheoirí, glacadóirí ná scrúdaitheoirí. Mar sin féin, is cuntasóirí cleachtacha iad de ghnáth.

Chun a chinntiú go mbeidh leachtaitheoirí, glacadóirí agus scrúdaitheoirí ag feidhmiú go neamhspleách ón gcuideachta, ní féidir leo bheith:

- ina stiúrthóir nó fostaí de chuid na cuideachta; nó
- ina mball teaghlaigh, páirtí nó fostaí de chuid stiúrthóra.

Lena chois sin, coisctear féimhigh ó fheidhmiú mar leachtaitheoirí, ghlacadóirí nó scrúdaitheoirí go dtí go bhfuil a gcuid fiach aisíoctha acu nó go dtí go dtugann cúirt cead dóibh gan na fiacha sin a íoc. Féadfar daoine a dhícháiliú ó fheidhmiú mar leachtaitheoirí, ghlacadóirí nó scrúdaitheoirí ar feadh tréimhse áirithe freisin má fhaigheann cúirt go raibh siad ciontach i gcalaois nó i mí-iompar tromaí.

## Cén tionchar a bhíonn ag leachtú, glacadóireacht nó scrúdaitheoireacht?

Coinníonn cuideachtaí a stádas dlíthiúil le linn dóibh bheith faoi leachtú, faoi ghlacadóireacht nó faoi scrúdaitheoireacht.

Nuair atá cuideachta faoi leachtú, glacann an leachtaitheoir cumhachtaí na stiúirthóirí de ghnáth. I gcleachtas, cuirtear stop le gníomhaíochtaí na cuideachta ach amháin i gcás go bhfuil gá leo chun cabhrú le próiseas an fhoirceanta.

I gcás glacadóireachta, cuirtear cumhachtaí na cuideachta agus údarás a cuid stiúirthóirí ar fionraí i ndáil leis na sócmhainní a mbaineann an ghlacadóireacht leo. Ní féidir leis na stiúirthóirí na cumhachtaí sin a úsáid gan cead ón nglacadóir.

I gcás scrúdaitheoireachta, coinníonn stiúirthóirí na cuideachta a bhfeidhmeanna bainistíochta ach amháin i gcás go n-ordóidh an Ard-Chúirt a mhalairt. Mar sin féin, is é an tionchar príomhúil a bhíonn ag iarratas ar scrúdaitheoireacht ná nach féidir na nithe seo a leanas a dhéanamh ar feadh thart ar 70 lá:

- ní féidir leachtaitheoir nó glacadóir a cheapadh ar an gcuideachta;
- ní féidir le creidiúnaithe gníomhú chun a gcuid fiach a aisghabháil gan cead ón Ard-Chúirt; agus
- ní féidir le haon duine imeachtaí dlí a thionscnamh i gcoinne na cuideachta gan cead ón gCúirt.

## Conas a cheaptar leachtaitheoirí, glacadóirí agus scrúdaitheoirí?

Féadfaidh an Ard-Chúirt ceapadh leachtaitheora a ordú ar iarratas ó chreidiúnaí. Ina dhiaidh sin, déanann an chúirt maoirseacht ar an leachtú le cabhair ó oifigeach cúirte dá ngairtear an scrúdaitheoir. De ghnáth tugtar leachtú éigeantach ar an bpróiseas seo.

I gcás leachtaithe dheonaigh, cinneann na comhaltaí an chuideachta a leachtú. De ghnáth, tarlaíonn leachtú deonach comhaltaí i gcás cuideachta sócmhainní – cuideachta atá in ann a cuid fiach a íoc de réir mar a dhlitear iad.

Baineann leachtú deonach creidiúnaithe le cuideachta dhócmhainneach – cuideachta nach bhfuil in ann a cuid fiach a íoc de réir mar a dhlitear iad – agus déanann an grúpa creidiúnaithe maoirseacht air.

Is ionann bintiúr agus aitheantas scríofa ó chuideachta go bhfuil fiach dlite. Cuireann formhór na mbintiúr ar chumas an iasachtóra glacadóir a cheapadh i gcás go dteipfidh ar an gcuideachta an iasacht a aisíoc de réir mar a aontaíodh. Féadann an Ard-Chúirt glacadóir a cheapadh freisin i gcás go n-iarrfadh creidiúnaí é.

Féadfaidh an Ard-Chúirt scrúdaitheoir a cheapadh má tá sí sásta (i ndiaidh deis a thabhairt do gach creidiúnaí leasmhar a c(h)ás a chur in iúl) go bhfuil deis réasúnta ann gur féidir an chuideachta, nó cuid de, leanúint de bheith mar ghnóthas leantach. Chun bheith cáilithe, ní féidir leis an gcuideachta a bheith faoi ghlacadóireacht ar feadh níos mó ná trí lá ná ní féidir léi bheith faoi leachtú.

Féadfaidh cuideachta nó duine bainteach léi (cosúil le stiúrthóir nó creidiúnaí) iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt i dtaca le ceapadh scrúdaitheora.

Caithfidh an t-iarratas sin na nithe seo a leanas a chuimsiú:

- tuarascáil ó chuntasóir neamhspleách a dhéanann cur síos ar staid ghnóthaí na cuideachta;
- toradh aon imscrúduithe a rinneadh maidir le féidearthacht ionchasach na cuideachta fanacht ar an saol;
- na céimeanna, lena n-áirítear socruithe le creidiúnaithe, a d'fhéadfaí a bheith riachtanach chun go mbeidh an chuideachta inmharthana;
- sonraí na gcistí a bhfuil gá leo chun go mbeidh ar chumas na cuideachta leanúint le trádáil le linn na tréimhse lena bhfuil sí cosanta óna creidiúnaithe; agus
- moltaí faoi na fiacha reatha den chuideachta ba chóir iad a íoc.

## Cad iad dualgais agus cumhachtaí leachtaitheoirí?

### Dualgais

Is iad seo a leanas dualgais phríomhúla leachtaitheoirí:

- seilbh a ghlacadh ar mhaoin cuideachta lena n-áirítear a leabhair agus a taifid;
- na daoine a bhfuil airgead dlite dóibh agus méid an airgid dlite a liostú;

- na daoine ar gá dóibh ranníoc le sócmhainní na cuideachta ar fhoirceannadh di agus cá mhéad ar gá dóibh a íoc a liostú;
- imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí na cuideachta;
- sócmhainní na cuideachta a dhíol;
- fiacha na cuideachta a íoc san ord a luann an dlí;
- aon airgead fágtha a thabhairt do na comhaltaí i gcomhréir lena dteidlíochtaí; agus
- aon chion coiriúil amhrasach déanta ag an gcuideachta, ag iar-oifigeach nó oifigeach reatha (stiúrthóir, rúnaí, agus araile) nó ag aon chomhalta a thuairisciú d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC) agus don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

I gcás go bhfuil an chuideachta dócmhainneach, ní mór do leachtaitheoirí an méid seo a leanas a dhéanamh freisin:

- iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun srian a chur ar gach ceann de na stiúrthóirí a bheith páirteach i gcuideachtaí áirithe eile, ach amháin i gcás go ndeir an OSFC leo gan sin a dhéanamh; agus
- laistigh de shé mhí ó bheith ceaptha, tuairisc a thabhairt don OSFC faoi iompar stiúrthóirí na cuideachta sa 12 mhí roimh an leachtú.

Nuair a thugtar leachtú deonach chun críche, ní mór don leachtaitheoir na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- tuarascáil a scríobh ar fhoirceannadh na cuideachta;
- cruinniú ginearálta de na comhaltaí a ghla;



- cruinniú creidiúnaithe a ghlao i gcás gur leachtú deonach creidiúnaithe é; agus
- tuarascáil a sheachadadh chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) ([www.cro.ie](http://www.cro.ie)).

I gcás leachtaithe dheonaigh, ní bheidh an chuideachta ar an saol trí mhí i ndiaidh chomhdú na dtuairisceán deiridh.

I gcás leachtaithe éigeantaigh, ordóidh an Ard-Chúirt díscóileadh na cuideachta tar éis don scrúdaitheoir a dheimhniú go ndearnadh gnóthaí na cuideachta a fhoirceannadh go sásúil. Ní mór don leachtaitheoir fógra faoin ordú seo a chomhdú leis an CRO.

## Cumhachtaí

Go ginearálta, is féidir le leachtaitheoirí:

- aon mhaoín de chuid na cuideachta a dhíol;
- na cáipéisí riachtanacha uile a phróiseáil thar ceann na cuideachta;
- sócmhainní na cuideachta a mhorgáistiú; agus
- gníomhairí a cheapadh chun aon obair a dhéanamh nach féidir le leachtaitheoirí a dhéanamh.

Féadann leachtaitheoirí orduithe a iarraidh ón Ard-Chúirt freisin chun go ndéanfar scrúdaitheoireacht ar stiúrthóirí cuideachta, chun maoin cuideachta a fháil ar ais agus chun bearta eile a chur i gcrích a chabhróidh leis an leachtú. Féadann siad conarthaí atá ag cailleadh airgid a chur ar ceal freisin.

# Cad iad dualgais agus cumhachtaí glacadóirí?

## Dualgais

Is iad seo a leanas dualgais phríomhúla glacadóirí:

- an praghas is fearr a fháil ar an maoin atá á díol (más gá, trí chomhairle a fháil ó shaineolaí neamhspleách faoin rogha díolacháin is fearr); agus
- an t-airgead a ghnóthaítear trí shócmhainní a dhíol a scaipeadh. Íoctar na creidiúnaithe a dtugann an dlí an tosaíocht is airde dóibh ar dtús. Ansin, má nil said iocaim cheana féin, íoctar an creidiúnaí a cheap an glacadóir. Mar sin féin, i gcás go raibh an tsócmhainn a díoladh curtha i leataobh don iasacht i gceist, ní gá an t-airgead a thabhairt ach don chreidiúnaí a cheap an glacadóir.

I dteannta sin, ní mór do ghlacadóirí:

- tuarascáil ar dhul chun cinn na glacadóireachta a sheoladh chuig an CRO gach sé mhí; agus
- aon chion coiriúil amhrasach déanta ag an gcuideachta, ag iar-oifigeach nó oifigeacha reatha nó ag aon chomhalta a thuairisciú don OSFC agus don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

## Cumhachtaí

I gcás go gceapfaidh an Ard-Chúirt glacadóir, déanfar cur síos ar a gcumhachtaí san ordú Cúirte. De ghnáth, tá siad údaraithe chun seilbh a ghlacadh ar shócmhainní ábhartha cuideachta agus na sócmhainní sin a dhíol.

Má cheaptar glacadóir faoi chomhaontú iasachta, go ginearálta leagtar a gcumhachtaí síos sa chomhaontú sin. De ghnáth, tugtar údarás dóibh feidhmiú thar ceann na cuideachta chun socruithe a dhéanamh do dhíol na sócmhainní ábhartha.

Féadann glacadóirí orduithe Ard-Chúirte a iarraidh freisin chun maoin cuideachta a fháil ar ais, chun sócmhainní stiúrthóirí a chalcadh agus chun bearta eile a chabhróidh leis an nglacadóireacht a chur i gcrích.

## Cad iad dualgais agus cumhachtaí scrúdaitheoirí?

### Dualgais

Is é dualgas príomhúil scrúdaitheoirí ná plean tarrthála (dá ngairtear ‘scéim chomhshocraíochta’) a fhorbairt don chuideachta agus aon tascanna eile a shonróidh an Ard-Chúirt a dhéanamh.

Laistigh de 35 dá gceaptha, caithfidh scrúdaitheoirí a insint don Chúirt an raibh ar a gcumas tograí don phlean tarrthála a ullmhú. Mura raibh siad in ann é sin a dhéanamh, féadfaidh an Chúirt foirceannadh na cuideachta a ordú nó féadfaidh sí a ordú go dtabharfar breis ama don scrúdaitheoir chun tograí a ullmhú nó chun formheas na dtograí a lorg.

Caithfidh na tograí sa phlean tarrthála caitheamh le gach cineál comhalta agus le gach cineál creidiúnaí ar an mbealach céanna, ach amháin i gcás go n-aontaíonn sealbhóir éilimh ar leith glacadh le caitheamh níos mífhabhraí. Caithfidh an plean tarrthála:

- gach cineál comhalta agus gach cineál creidiúnaí a aithint agus a mhíniú conas a chaithfear leo sa phlean;

- a léiriú conas a chuirfear an plean i bhfeidhm;
- athruithe dearfacha ar bhainistíocht nó ar threo na cuideachta a aithint;
- athruithe dearfacha ar bhunreacht na cuideachta a aithint;
- sócmhainní agus dliteanais na cuideachta a liostú;
- meastachán a thabhairt den toradh airgeadais do gach cineál comhalta agus do gach cineál creidiúnaí i gcás go ndéanfaí an chuideachta a fhoirceannadh; agus
- cur síos a dhéanamh ar aon ábhair eile is cuí leis an scrúdaitheoir.

Iarrann an scrúdaitheoir formheas an phlean tarrthála ag cruinnithe le gach cineál comhalta agus le gach cineál creidiúnaí. I gcás go nglacfaidh cineál amháin creidiúnaí ar a laghad leis an bplean, féadann an scrúdaitheoir é a thabhairt os comhair na Cúirte. Ansin, is féidir leis an gCúirt é a dhearbhú, le hathruithe nó gan iad, nó is féidir leis an gCúirt diúltú dó i ndiaidh éisteacht le dearcaí gach comhalta agus gach creidiúnaí leasmhair. Má dhearbhaíonn an Chúirt an plean, tá na tograí sa phlean ina gceangal dlí ar gach duine bainteach.

Tá dualgas ar an scrúdaitheoir freisin an CRO a chur ar an eolas faoina cheapachán agus faoi dhearbhú an phlean tarrthála mholta ag an gCúirt.

## Cumhachtaí

Go ginearálta, tá sé de cheart ag scrúdaitheoirí:

- rochtain a fháil ar leabhair agus ar chuntais cuideachta, lena n-áirítear na leabhair agus na cuntais siúd i seilbh a gníomhairí (cuntasóirí, baincéirí agus araile);
- cruinnithe ginearálta agus cruinnithe stiúrthóirí a thionól agus freastal ar aon chruinnithe dá leithéid; agus
- aon chinntí nó chonarthaí a d'fhéadfadh airgead a chailleadh don chuideachta nó d'aon pháirtí leasmhar a chur ar ceal.


Féadann scrúdaitheoirí orduithe Ard-Chúirte a iarraidh freisin chun cumhachtaí na stiúrthóir a aistriú chucu, lena n-áirítear an chumhacht chun sócmhainní cuideachta a dhíol, chun maoin cuideachta a fháil ar ais agus chun cinntí a dhéanamh a bhaineann leis an scrúdaitheoireacht.

## Conclúid

Tá leabhar faisnéise níos mionchruinne ar leachtaitheoirí, ghlacadóirí agus scrúdaitheoirí ar fáil faoin Fhógra Cinnidh D/2002/1 ó [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie). Tá treoir ar fáil ar an láithreán gréasáin sin freisin faoi dhualgas an leachtaitheora tuarascáil a thabhairt don OSFC faoi iompar stiúrthóirí sa 12 mhí roimh leachtú cuideachta dócmhainní.

# Nótaí





Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas eile:



**Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

16 Cearnóg Pharnell  
Baile Átha Cliath 1, Éire



01 858 5800  
Loghlao 1890 315 015



01 858 5801



info@odce.ie



www.osfc.ie